



Central Statistics Office An Phríomh-Oifig Staidrimh

Press Statement Preas Ráiteas

Torthaí Daonáirimh 2011 – Foilsiú na bPróifílí Ceantar

Inniu d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh Próifílí Ceantar um Dhaonáireamh 2011 i ndáil le 350 ceantar ó cheann ceann na tíre. Soláthraíonn na próifílí seo, ar thuarascálacha dhá leathanach ar fhad iad, forbhreathnú ar fhaisnéis daonáirimh maidir leis na ceantair seo i bhformáid atá éasc le léamh, agus tá siad dírithe ar an lucht déanta beartas agus ar an bpobal i gcoitinne.

Tá na Próifílí Ceantar nua ar fáil ar líne le breathnú orthu agus le híoslódáil ó shuíomh gréasáin an CSO ag www.cso.ie. Tá próifílí ar fáil i ndáil le gach ceann den 34 chontae riaracháin, an 43 Thoghcheantar Dála (2007) agus donn 272 baile le daonra de chuid 1,000 agus os cionn.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: “Is táirge tuarascála nua é seo ó Dhaonáireamh 2011, a chreidimid a bheidh úsáideach don lucht déanta beartas agus don lucht déanta cinntí ar leibhéal áitiúil agus don phobal i gcoitinne agus leanaí scoile freisin ar spéis leo roinnt faisnéise a fháil i ndáil lena gceantair áitiúla”.

Tá na Próifílí Ceantar ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census. Léiríonn gach próifíl léarscáil den cheantar próifíle agus cuimsíonn sí sonraí i ndáil le haois, inscne agus stádas pósta an daonra, mar aon le sonraí i ndáil le tithíocht, socruithe maireachtála agus comhdhéanamh teaghlaigh; i measc na n-ábhar eile á gclúdach áirítear nithe ar nós náisiúntacht, imirce, an lucht saothair agus oideachas. Lena chois sin cuimsíonn na tuarascálacha comparáidí Stáit agus áirítear cairteacha léiritheacha ildaite iontu freisin.

Mar fhocal scoir dúirt Ms. Cullen “Tá sé mar aidhm leis na bpróifílí ceantar nua a chinntiú go bhfuil sonraí daonáirimh ar fáil go héasca do dhaoine i ndáil lena gceantar áitiúil. Díríonn siad ar fhaisnéis atá ina hábhar spéise fairsing do lucht déanta cinntí agus don phobal trí chéile. Tá na tuarascálacha 2 leathanach ar fad ina dtagairt ghasa idéalach do dhaoine ar spéis leo daonra a gcontae, a gcathair nó a mbaile.”

Tabhair faoi deara:

Baineann Próifílí Ceantar na dToghcheantar Dála leis na toghcheantair arna sainmhíniú ag an athbhreithniú teorann 2007 agus arna n-úsáid san olltoghchán deireanach. Táthar ag súil le Próifílí Ceantar a chur isteach i ndáil leis na toghcheantair nua ón athbhreithniú teorann úrnua roimh dheireadh an Mheithimh.

Tuilleadh /...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 498 4000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland

Dublin Office
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555
information@cso.ie
www.cso.ie



Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:

Chun breathnú ar Phróifílí Ceantar um Dhaonáireamh 2011 agus iad a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census/

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shoird, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: census@cso.ie

Idirlíon: www.cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

2 Bealtaine 2013

– CRÍOCH–